

AN CHÁILÍOCHT SA GHAELGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

EARRACH 2020

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Trasna na dTonnta

Bhí áthas ar Mhoya gur shocraigh sí cúpla lá saoire a thógáil roimh dheireadh an tsamhraidh. Thaitin an post páirtaimseartha a bhí aici sa siopa rothar go mór léi ach bhí sos ag teastáil uaithi anois. Bhí sí chun dul go hÁrainn Mhór don deireadh seachtaine. D’fhág an bád Ailt an Chorráin ar a haon a chlog. Bhí an fharraige an-chiúin ar dtús ach ansin d’éirigh na tonnta níos mó. Choinnigh Moya a súil ar oileán Árainn Mhór os a comhair a bhí ag éirí níos mó agus níos mó an t-am ar fad.

“Cá mbeidh tú ag fanacht?” arsa an scipéir léi.

“Níl a fhios agam fós. Níl aon áit curtha in áirithe agam,” arsa Moya.

“Níl aon áit agat le fanacht ann!” arsa an scipéir. “Tá sé an-doiligh lóistín a fháil ar Árainn Mhór an t-am seo den bhliain!”

Canúint Chonnacht

Ciúnas

Bhain Peadar an-taitneamh as an gcuid is mó den deireadh seachtaine a chaith sé i mBaile Átha Cliath lena chailín, Cáit. Bhuaigh Gaillimh an cluiche i bPáirc an Chrócaigh, chonaic sé trálaer álainn i mBinn Éadair, bhí an t-óstán go deas agus bhí an béile sa bhialann go hálainn. Ní raibh a chailín Cáit sásta, áfach. Bhí sí an-chiúin i rith an bhéile agus ansin tháinig sí amach leis. Theastaigh pá seachtainiúil uaithi don obair a bhí á déanamh aici i siopa éisc Pheadair.

Bhí an turas ar ais go Gaillimh an-chiúin freisin.

“Céard eile is gá dom a dhéanamh?” arsa Peadar léi agus iad anghar do chathair na Gaillimhe.

“Pá seachtainiúil don phost sin atá agam sa siopa éisc fuar sin. Mura dtugann tú dom é, is féidir leat cúntóir siopa eile a fháil.”

Canúint na Mumhan

Obair agus Peil

“Fáilte romhat go Boston!” arsa Seán Ó Máille, Rúnaí Ghaeil Chonamara i mBoston le Muiris ag Aerfort Logan. “An é seo an chéad uair duit?”

“Mo chéad uair i mBoston,” arsa Muiris, “agus mo chéad uair i Meiriceá.”

“Táim páirceáilte anseo sa charrchlós,” arsa an Máilleach.

Ní carr a bhí ag Seán Ó Máille ach truacailín. Bhí an áit sa chúil sa truacailín lán. Bhí mála gainimh ann, málaí stroighne, dhá shluasaid, boscaí péinte, mála geansaithe peile (cheap Muiris) agus dhá liathróid *ONEILLS*.

“Na bac leis sin. Sin é mo shaol san áit seo ag an am seo den bhliain, obair agus peil. Léim isteach. Coinnigh do mhála ar do ghlúine.”

Léim Muiris isteach. Ar aghaidh leo, síos an mótarbhealach, thar bhóithre agus faoi bhóithre. Tar éis tamaill, d’fhág siad an mótarbhealach agus níorbh fhada go bhfaca Muiris na cuailí peile.